Comhairle AE

PRESS
GA

**PREASEISIÚINT**
585/16
17/10/2016

# Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib: Ullmhaíonn an tAontas Eorpach do chruinniú airí gnóthaí eachtracha Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh-AE (CELAC-AE)

Rinne an Chomhairle measúnú ar na hullmhúcháin **do chruinniú airí gnóthaí eachtracha CELAC-AE a thionólfar ar an 25-26 Deireadh Fómhair 2016 i Santo Domingo**i ndáil le todhchaí na comhpháirtíochta dé-réigiúnaí. Ghlac an Chomhairle an dréacht-chlár oibre, lena mbeartaítear díospóireachtaí faoin gcaoi inar féidir an t-idirphlé dé-réigiúnach a neartú agus an caidreamh frithpháirteach a dhoimhniú, measúnú ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí a glacadh ag na cruinnithe mullaigh, díospóireachtaí maidir le forbairt a mhaoiniú agus maidir leis an athrú aeráide agus pointe sonrach maidir le Fondúireacht an Aontais Eorpaigh - Mheiriceá Laidineach agus Mhuir Chairib (Fondúireacht AE-MLC).

Meastar go ndéanfar **comhaontú lena mbunaítear Fondúireacht AE-MLC** a shíniú mar eagraíocht idirnáisiúnta ag an gcruinniú. Le Fondúireacht AE-MLC tugtar le chéile an tAontas Eorpach agus a 28 mBallstát agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (CELAC) agus a 33 mBallstát faoi na cuspóirí seo leanas:

- **eolas frithpháirteach breise agus comhthuiscint** bhreise a spreagadh idir an dá réigiún;
- **próiseas dé-réigiúnach comhpháirtíochta** CELAC-AE a neartú, agus rannpháirtíocht bhreise ón tsochaí shibhialta ann;
- feabhas a chur ar **infheictheacht fhrithpháirteach** idir an dá réigiún, agus ar infheictheacht fhrithpháirteach na comhpháirtíochta dé-réigiúnaí féin.

Comhlíonfaidh Fondúireacht AE-MLC a cuid cuspóirí trí ghníomhaíochtaí amhail**díospóireachtaí** a spreagadh i seimineáir, comhdhálacha agus foilseacháin; **imeachtaí** a bhaineann le hábhair a dtugtar aghaidh orthu ag cruinnithe mullaigh CELAC-AE a chur chun cinn; cláir dhé-réigiúnacha a sheoladh agus **malartuithe tuairimí** a eagrú; staidéir a spreagadh agus deiseanna teagmhála nua a chruthú.

Is in Hamburg (an Ghearmáin) a bheidh a ceanncheathrú ag Fondúireacht AE-MLC i gcónaí. Scoirfear an fhondúireacht idirthréimhseach a bunaíodh in 2011, go dtí go dtabharfar i gcrích an comhaontú idirnáisiúnta.

- An caidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib (SEGS)

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press